Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/2876

8.6.2026

**Iarraidh ar réamhrialú ón Vrhovno sodišče Republike Slovenije (an tSlóivéin) a taisceadh an 26 Feabhra 2026 DELTA GROUP, družba za varovanje v Poblacht na Slóivéine**

**(Cás C-140/26, Delta Group)**

(C/2026/2876)

*Teanga an cháis: an tSlóivéinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Vrhovno sodišče Republike Slovenije

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* DELTA GROUP, družba za varovanje, d. o. o.

*Cosantóir:* Poblacht na Slóivéine

### An cheist a tharchuirtear

An bhfuil Airteagal 47 den Chairt, a bhaineann leis an gceanglas maidir le leigheas éifeachtach os comhair binse, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a leagtar síos mar choinníoll chun rochtain a fháil ar na cúirteanna i dtaca le hiarratas ar bheart eatramhach ídiú an achomhairc riaracháin i gcoinne cinneadh ó údarás cánach maidir le beart réamhchúraim i dtaca le CBL, nach bhfuil éifeacht fionraíochta aige, cé go bhféadfadh sé a bheith de thoradh ar fhorghníomhú birt réamhchúraim den sórt sin go mbeidh dochar déanta cheana féin don duine inchánach sula mbeidh na leigheasanna sin ídithe agus gur dheacair an dochar sin a leigheas?